# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Gnáthleibhéal

**Réamhrá Ginearálta**

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinn de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2003.
- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó Sármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.
- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharacála seo iomlán nó uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha eile a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil de réir a bhfiúntas.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DUIT DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1** ***Marc***

1 **1 a) Scrúdaigh conas a d'fhéadfadh eispéireas na fulaingthe tionchar a imirt ar na ceisteanna a d'fhéadfadh duine a chur faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.** **10** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar chuardach brí i gcomhthéacsanna comhaimseartha trína bheith ag féachaint go géar ar an bpróiseas trína bhféadfadh eispéireas na fulaingthe tionchar a imirt ar na ceisteanna a d'fhéadfadh duine a chur faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Féadann fulaingt tionchar a imirt ar dhaoine ceist a chur ar cén fáth a dtarlaíonn drochrudaí do dhea-dhaoine nuair a fheiceann siad daoine a bhfuil grá acu dóibh ag éirí an-tinn srl.
- Féadann fulaingt tionchar a imirt ar dhaoine ceist a chur an ann do Dhia mar go bhfuil sé deacair do dhaoine a chreidiúint, más rud é go bhfuil grá ag Dia dóibh, go ligfeadh Dia dóibh fulaingt srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M |

1 **1 b) Tabhair míniú ar chúis amháin go mb'fhéidir nár ábhar spéise cuardach bhrí na beatha do dhuine sa lá atá inniu ann.** **10** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála:*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar na tosca a chuireann cosc le cuardach bhrí na beatha trí chúis a mhíníonn go cruinn cad chuige nach ábhar spéise cuardach bhrí na beatha do dhaoine áirithe sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh gnó na beatha agus brú na hoibre cosc a chur le daoine sa lá atá inniu ann spéis a chur i gcuardach bhrí na beatha srl.
- D'fhéadfadh seachrán na sealbh ábhar cosc a chur le daoine sa lá atá inniu ann spéis a chur i gcuardach bhrí na beatha srl.
- D'fhéadfadh an gá atá le bia, le dídean cosc a chur le daoine sa lá atá inniu ann spéis a chur i gcuardach bhrí na beatha sa mhéid is nach gcomhlíontar a riachtanais bhunúsacha srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M |

1 1 c) **Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh smaoineamh amháin ó fhealsamh a bhfuil staidéar déanta agat air cabhrú le duine a bheadh ag cuardach brí na beatha sa lá atá inniu ann.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar chuardach brí i smaoineamh fealsúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar an bpróiseas trína bhféadfadh smaoineamh aon fhealsaimh cuidiú le duine i gcuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh smaoineamh Shócraitéas, go ndéanann daoine an méid atá go maith nuair atá a fhios acu cad atá go maith, cuidiú le daoine i gcuardach bhrí na beatha sa lá atá inniu ann mar go gcuidíonn eitic le daoine brí a fháil trí shaol maith a mhaireachtáil srl.
- D'fhéadfadh fáthchiallacht uaimhe Phlatón cuidiú le daoine i gcuardach bhrí na beatha ar an mbealach a léiríonn sí an tábhacht a bhaineann le gan a bheith scaipthe ag cumaí agus le breathnú níos doimhne ar réaltacht srl.
- D'fhéadfadh smaoineamh Camus, go bhfuil dínit ag gach duine agus go dtuilleann gach duine meas, cuidiú le daoine i gcuardach brí ar an mbealach a leagann sé béim ar conas ba chóir gach duine a luacháil srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**Ceist 2**

1 2 a) **Déan próifíl de conas is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil i miotas ársa amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.** 20 *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht shiombalach sa chianaimsir trí conas is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil i miotas ón gcianaimsir a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil in eipic Gilgamesh m.sh. cuardaíonn Rí Gilgamesh do neamhbhásmhaireacht. Milleann a dhaonnacht féin agus olcas ar fud an domhain, rud nach bhfuil aon smacht aige air, a chuardach. Sa deireadh thiar cuireann sé a dhóchas i saothair an chultúir srl.
- Is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil sa chuntas Cruthaithe i Leabhar Gheineasas m.sh. cruthaíonn Dia an domhan agus tugann sé áit speisialta do dhaoine laistigh den chruthú. Is rud maith gach rud a chruthaítear srl.
- Is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil i Miotas Phroiméitéis m.sh. chuaigh Proiméitéas i gcoinne thoil na ndéithe agus é ag tabhairt solais agus tine don chine daonna. Cuireann Séas pionós air agus tugann sé fulaingt isteach sa domhan srl.
- Is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil i Miotas Chlann Lir m.sh. rinne bean chéile nua Lir ealaí dá chlann. Díbríonn Lear í agus caitheann sé a laethanta ag an loch leis na healaí, ag léiriú gur féidir brí a fháil sa teaghlach, i ngrá neamhleithleach srl.

*Tabhair faoi deara:* Rianaíonn an t-iarrthóir conas is féidir an cuardach daonna do bhrí na beatha a fheiceáil i miotas nach mbaineann leis an gcianaimsir – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 2 b) Déan cur síos ar shampla amháin de conas is féidir an t-ildiachas a fheiceáil i reiligiún domhanda.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar an ildiachas mar chóras creidimh atá dírithe ar chreideamh i mórán déithe trí chuntas cruinn a thabhairt ar shampla amháin den dóigh a bhféadtar creideamh i mórán déithe a fheiceáil i reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- San Hiondúchas, tá creideamh i mBráma, Dia an Chruthaithe; i Visniú, an Dia a chaomhnaíonn an saol; i Síve, an Dia a scriosann an domhan. Seasann Tríonóid Hiondúch na nDéithe seo do thimthriall an chruthaithe, an chaomhnaithe agus an scriosta. Creidtear go bhfuil Lakshmi, bandia an tsaibhris agus an dea-ratha lárnach do shaoradh a dheonú ó thimthriall na beatha, an bháis srl.
- I Sinteochas, tagraíonn na téacsanna Seapánacha is sine (Kojiki agus Nihon Shoki) don chreideamh gur chruthaigh diachtaí (Izanagi agus Izanami) an domhan. Rug na diachtaí seo diachtaí eile m.sh. Bandia na Gréine, Dia na ríse, Dia na scile i gceol agus in ealaíona eile srl.
- I dTaochas, is é an Tao an fhoinse dhiagachta atá aitheanta ar fud ríocht an duine trí dhéithe agus trí dhiagachtaí a léirigh iad féin ar fud na staire srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**Ceist 3**

**1 3 a) D'úsáid daoine deasghnátha anallód chun a dtuiscint ar bhrí na beatha a léiriú.** **20** *Grádaithe*

● **DEASGHNÁTH ADHLACTHA** ● **DEASGHNÁTH ÍOBARTHA**

**Déan cur síos ar an gcaoi ar chuir daoine ceann amháin de na deasghnátha atá liostaithe thuas i gcrích anallód.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar chuardach na brí i sochaí ársa trí chuntas cruinn a thabhairt ar an mbealach a rinne daoine sa chianaimsir an deasghnáth adhlactha *nó* an deasghnáth íobartha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Deasghnáth Adhlactha*

- Is éard a bhí i gceist go minic le deasghnátha adhlactha créamadh; oll-uaigheanna; úsáid a bhaint as áit ard, áit ina dtagann an talamh agus neamh le chéile le haghaidh adhlactha, rud a sheas do phasáiste chuig an saol úd eile; séadchomharthaí agus tuamaí saothraithe adhlactha; adhlacadh na n-ornáidí m.sh. earraí cré/airm srl.
- m.sh. Uaigheanna pasáiste, dolmainí srl. Nochtann Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh fianaise ar iompraíocht reiligiúnach agus spioradálta in Éirinn ársa srl.
- Bhí sraith ilchasta gnásanna adhlactha ag na hÉigiptigh, rudaí a chreid siad a bheith riachtanach chun neamhbhásmhaireacht a chinntiú. Ina measc siúd bhí seargadh, caitheamh briochtaí draíochta agus adhlacadh le hearraí ar leith uaighe a measadh a bheith ag teastáil sa saol eile srl.
- Srl.

*Deasghnáth Íobartha*

- Is éard a bhí i gceist le híobairt rud luachmhar a ofráil do Dhia/dhéithe m.sh. bia/ainmhithe srl. Tá fianaise ar íobairt dhaonna ag adhlacadh an rí nó an cheannaire mhóir; rinne duine aonair nó grúpa comhchoiteann na híobairtí. Breathnaíodh gurbh ionann altóir na híobartha agus lár nó íomhá na cruinne. Is minic a bhí tine ina gné shuntasach den deasghnáth. Ba é scrios na hofrála i dtine altóra an bealach trína bhfuair an diacht an ofráil srl.
- m.sh. In Iosrael ársa, d'íobair Abrahám an t-ainmhí chun a léiriú go raibh sé toilteanach umhlú d'Iáivé/YHWH (Gein 22).
- m.sh. Sa Mheaspatáim ársa, tháinig Sir Leonard Woolley, an seandálaí, ar thuamaí Ríthe agus Bhanríonacha na Suiméire. I dtuama amháin bhí iarsmaí 68 freastalaí baineann agus 6 freastalaithe fireanna, agus gach ceann acu maisithe go saibhir. I dtuama eile, fuair siad iarsmaí saighdiúirí, agus cart damh agus damhra ag cosaint an bhealaigh isteach srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 3 b) Tabhair breac-chuntas ar conas a léirigh ceann amháin de na deasghnátha atá liostaithe thuas smaoineamh faoi bhrí na beatha a chreid daoine anallód.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith feasacht gur chuir daoine a gcuid freagairtí ar an tóraíocht le haghaidh brí in iúl i roinnt spioradáltachtaí, teangacha siombalacha agus córais mhínithe trí eolas cruinn a leagan amach ar an bpróiseas trína gcuireann Deasghnáth Adhlactha *nó* Deasghnáth Íobartha smaoineamh ar bhrí na beatha a bhí ag daoine sa chianaimsir in iúl.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Deasghnáth Adhlactha*
- Is éard a bhí i gceist le hadhlacadh na marbh deasghnátha a chuir in iúl an gá a bhí le brí a fháil sa bhás agus creideamh sa saol eile. Chuir adhlacadh na n-earraí uaighe an creideamh gur dhuine suntasach é an t-éagach agus go raibh saol eile ann in iúl srl.
- Sheas áit ard a úsáideadh le haghaidh adhlacadh do phasáiste chuig an saol úd eile agus léiríonn sé seo gur mhian le daoine maireachtáil tar éis báis srl.
- Léiríonn an bealach a adhlacadh freastalaithe nó saighdiúirí lena gceannaire an creideamh go leanfaidís de bheith ar fiannas lena gceannaire agus ag freastal air sa saol eile, rud a léiríonn go raibh brí na beatha le fáil i seirbhís agus i ndílseacht srl.
- Srl.

*Deasghnáth Íobartha*
- Léirigh an deasghnáth inar dódh ainmhithe nó inar ofráladh íobairt do Dhia/dhéithe an spleáchas ar chumhacht níos mó nó ar dhiacht le haghaidh marthana. Ba é príomhchuspóir na híobartha an diacht a shásamh agus fabhar a dhaingniú srl.
- Sheas ofráil ruda luachmhair mar íobairt do Dhia/dhéithe do dheabhóid, do thiomantas, do ghéilleadh agus rinneadh í chun torthúlacht a dhaingniú nó mar bhuíochas as an bhfómhar srl.
- Tuigeadh go ndearnadh deasghnáth an dó chun rud a dhéanamh naofa, sa mhéid is gur sheas deatach na tine a bhí ag ardú suas go dtí na spéartha don aontas idir an duine/grúpa a bhí ag ofráil na híobartha agus Dia/na déithe srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## AONAD A DÓ

**NÍ MÓR DUIT DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA**

***Marc***

**2 B a) Tabhair míniú ar chúis amháin ar mheas na rialóirí Rómhánacha sa Phalaistín gur bhagairt é Íosa Nazórach.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an gcomhthéacs sochpholaitiúil agus reiligiúnach sa Phalaistín in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar chúis amháin ar mheas na rialtóirí Rómhánacha sa Phalaistín gur bhagairt é Íosa Nazórach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Nuair a labhair Íosa ar Ríocht Dé, d'fhéadfadh gur shíl na Rómhánaigh go raibh sé ag labhairt ar Ríocht pholaitiúil ina raibh Rí, arm srl. agus go mbagródh sé seo ar a gcumhacht srl.
- Seans gur bhagair an bealach a spreag Íosa chun Dia a onórú an tImpire – adhradh na Rómhánach. D'fhéadfaí breathnú air seo mar chion i gcoinne an Impire Rómhánaigh agus go raibh daoine á gcasadh i gcoinne na hImpireachta srl.
- Seans gur shíl na Rómhánaigh go ndéanfadh Íosa iarracht ar na Rómhánaigh a threascairt mar gheall ar an mbealach a thug muintir na Palaistíne an Meisias ar Íosa srl.
- D'fhéadfadh gur shíl na Rómhánaigh gurbh fhoinse fhéideartha trioblóide é Íosa mar gheall ar an mbealach a shuaith teagasc Íosa roinnt de cheannairí na nGiúdach srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B b) Déan comparáid idir an chaoi a ndeachaigh an riail Rómhánach sa Phalaistín i bhfeidhm ar na Díograiseoirí agus ar na Sadúcaigh in aimsir Chríost.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an gcomhthéacs reiligiúnach sa Phalaistín in aimsir Íosa trí chosúlacht agus/nó éagsúlacht ar an mbealach a d'fhreagair na Díograiseoirí agus na Sadúcaigh ar an riail Rómhánach sa Phalaistín le linn aimsir Íosa a shainaithint go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Bhí freagairt na nDíograiseoirí agus freagairt na Sadúcach ar riail Rómhánach na Palaistíne cosúil le chéile sa mhéid nach raibh ceachtar grúpa i bhfabhar riail Rómhánach. Thuig an dá ghrúpa gur cheart go mbeadh a gceannaire féin ag Muintir Iosrael agus go leanfaidís dlíthe an Chúnaint srl.
- Bhí freagairt na nDíograiseoirí agus freagairt na Sadúcach ar riail Rómhánach na Palaistíne éagsúil óna chéile sa mhéid go raibh na Sadúcaigh toilteanach foréigean a úsáid chun cur i gcoinne riail Rómhánach mar gur féachadh air mar dhúshlán don Chúnant srl. Chomhoibrigh na Sadúcaigh leis na Rómhánaigh d'fhonn seasamh le dlíthe Giúdacha agus d'fhonn an Teampall a chaomhnú srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

| 2 B c) | **Déan cur síos ar dhá shlí inar chruthaigh teagasc Íosa faoi Ríocht Dé coimhlint idir é féin agus na ceannairí reiligiúnacha sa Phalaistín.** | **30** (15Mx2) *Grádaithe* |
|---|---|---|

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar impleachtaí agus ar thionchair theagasc Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar dhá shlí inar chruthaigh teagasc Íosa faoi Ríocht Dé é coimhlint leis na ceannairí reiligiúnacha sa Phalaistín.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Bhí teagasc Íosa ar Ríocht Dé mar áit grá neamhchoinníollaigh le feiceáil ag a thábla-comhbhráithreachas le díbeartaigh srl. Chuirfeadh a leithéid de ghaolmhaireacht le peacaigh é i gcoimhlint le ceannairí reiligiúnacha srl.
- Chruthaigh teagasc Íosa ar Ríocht Dé coimhlint le Múinteoirí an Dlí, daoine a chuir diamhasla ina leith mar gur chuala siad é ag labhairt le húdarás Dé maidir le peaca a mhaitheamh (Marcas 2:7) srl.
- Chuir teagasc Íosa go raibh atrua ag teastáil ó Ríocht Dé an chuma ar cheannairí reiligiúnacha go raibh easpa atrua acu m.sh. an Sagart agus an Léivíteach i bhFáthscéal an tSamáraigh Mhaith srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**2 C a) Déan cur síos ar dháileadh domhanda na mball sa lá atá inniu ann i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** **20** *Grádaithe*

**◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS**
**◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar reiligiún domhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar leithdháileadh domhanda na mball sa lá atá inniu ann de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is ionann an Búdachas agus reiligiún thromlach na ndaoine in Oirdheisceart na hÁise, sa Chambóid, i Laos, sa Téalainn agus i Vítneam. Scaip an Búdachas go hIarthar na hEorpa agus go Meiriceá Thuaidh le blianta beaga anuas srl.
- Is í an Chríostaíocht an reiligiún domhanda is mó le breis agus dhá billiún leantóir atá scaipthe ar fud gach ilchríche. Tá Oirthear agus Iarthar na hEorpa, chomh maith le Meiriceá Thuaidh agus Theas, Críostaí den chuid is mó srl.
- Is é an Hiondúchas an tríú reiligiún is mó ar domhan. Tá leantóirí an Hiondúchais ar fud an domhain. Is ionann an Hiondúchas agus reiligiún thromlach na ndaoine san India, i Neipeal, srl.
- Tá níos mó ná aon bhilliún leantóir ag an Ioslamachas, agus baineann an chuid is mó díobh le grúpaí Sunnaíocha agus baineann an mionlach le grúpaí Siacha. Tá an líon is mó de leantóirí an Ioslamachais i dtíortha sa Mheánoirthear agus san Afraic srl.
- Is ionann an Giúdachas agus reiligiún thromlach na ndaoine in Iosrael. Tá roinnt pobail Ghiúdacha mhóra i Meiriceá Thuaidh. Tá pobail Ghiúdacha ag mórán cathracha san Eoraip srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C b) Roghnaigh ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as Liosta A agus ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda as Liosta B thíos:** **30** *Grádaithe*

***Liosta A***

- **An Chríostaíocht (sainaicme ar bith)**
- **An Giúdachas**

***Liosta B***

- **An Búdachas**
- **An Hiondúchas**
- **An tIoslamachas**

**Déan comparáid idir an fhís den slánú/den fhuascailt atá le fáil sna reiligiúin dhomhanda atá roghnaithe agat as Liosta A agus as Liosta B.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar na príomhghnéithe de thraidisiúin reiligiúnacha trí chosúlacht agus/nó éagsúlacht idir an tuiscint ar an slánú/ar an bhfuascailt atá molta ag dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist a shainaithint go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* – Feictear gurb ionann an slánú/an fhuascailt agus sárú Karma-Samsara. Cuidíonn cloí leis na Ceithre Fhírinne Thriathacha agus leanúint na Conaire Ochtfhillte le leantóir chun nirbheána a bhaint amach .i. staid sonais fhoirfe agus síochána foirfe. Creideann Búdaithe Mahayana i bparthas neamhaí freisin, áit ina maireann duine i solas an Bhúda srl.
- *An Chríostaíocht* – Feictear gurb ionann an slánú/an fhuascailt agus bronntanas ó Dhia, a chuaigh isteach i stair trí Íosa Críost chun an cine daonna a fhuascailt. Creideann Críostaí go dtugann creideamh i mbás agus in aiséirí Íosa an slánú. Creideann Críostaithe go dtabharfaidh Dia breithiúnas ar gach duine ag deireadh na cinniúna srl.
- *An Hiondúchas* – Feictear gurb ionann sprioc na beatha agus an slánú/an fhuascailt ón mbeithsine shaolta agus shealadach d'fhonn Moksha a bhaint amach .i. aontas an anama le Bráman. Déanann Hiondúigh iarracht maireachtáil ar bhealach go mbeidh siad níos gaire do Moksha, áit ina bhféadann an t-anam fuascailte teacht chun sos síochánta, gach uair a athshaolófar iad. Feictear gurb ionann an slánú agus sprioc spioradálta, rud lena mbaineann tarchéimnitheacht an féin agus an domhain srl.
- *An tIoslamachas* – Feictear go mbaineann an slánú/an fhuascailt le humhlaíocht, géilleadh do thoil Allah. Ciallaíonn géilleadh d'Allah go leantar Cúig Philéar an Ioslamachais srl. Teagascann an tIoslamachas go dtarlóidh Lá an Aiséirí tar éis báis, nuair a thabharfar breithiúnas ar dhaoine de réir a gcuid gníomhartha agus ina gcuirfear iad go neamh nó go hifreann, cé go bhféadfaidh Allah an peacach is measa a mhaitheamh sa deireadh thiar srl.
- *An Giúdachas* – Tuigtear go bhfuil fir agus mná saor chun a bheith umhal nó easumhal d'Iáivé/YHWH. Feictear gurb ionann an tImeacht ón Éigipt agus ócáid iontach an tslánaithe/na fuascailte. Sa Ghiúdachas, treoraíonn Iáivé/YHWH stair agus tugann sé gealltanas fuascailte amach anseo. Tuigtear go bhfuil nádúr morálta agus spioradálta ag daoine, a fhaigheann sástacht in Iáivé/YHWH srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 C c) Tabhair breac-chuntas ar conas a imríonn an tuiscint ar an slánú/ar an bhfuascailt tionchar ar iompraíocht na mball i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** **30** *Grádaithe*

**◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiún domhanda trí eolas cruinn a leagan amach ar an bpróiseas trína n-imríonn an slánú/an fhuascailt tionchar ar iompar na mball de cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* – Baintear an fhuascailt ó léan amach tríd an gConair Ochtfhillte a leanúint, rud ina n-áirítear an tóir ar chríonnacht, saol morálta a mhaireachtáil agus machnamh srl.
- *An Chríostaíocht* – Tugann creideamh i mbás agus in aiséirí Íosa an slánú. Tar éis báis, creideann Críostaí go dtabharfaidh Dia breithiúnas ar gach duine ag deireadh na cinniúna. Mar gheall air seo, guíonn Críostaithe orthu siúd a fuair bás agus ceiliúrann siad féile reiligiúnach na Cásca srl.
- *An Hiondúchas* – Féadtar fuascailt spioradálta a bhaint amach trí bhealach an eolais, trí bhealach na deabhóide agus trí bhealach an ghnímh a leanúint. Féadtar comhlíonadh cúig dhualgas laethúla a bheith ina chúis leis an bhfuascailt .i. Puja; cuid de na scrioptúir a aithris; onóir a thabhairt do thuismitheoirí agus do sheanóirí; oineach a dhéanamh d'aíonna/do thaistealaithe; ainmhithe a chothú; srl.
- *An tIoslamachas* – An tuairim go gciallaíonn géilleadh d'Allah go leantar na Cúig Philéar. Féachtar ar gach gníomh mar ghníomh morálta agus tá na rúin chomh tábhachtach leis na gníomhartha. Agus iarracht á déanamh aige ar shaol maith a mhaireachtáil, maireann leantóir an Ioslamachais de réir an Chóráin srl.
- *An Giúdachas* – Agus é ag glacadh leis na hAitheanta, tuigtear go bhfuil an duine ag glacadh le slánú Iáivé/YHWH. Tá daoine saor chun a bheith umhal nó easumhal d'Iáivé/YHWH. Tá níos lú tábhachta ag baint leis an gceist ar shaol tar éis báis ná leis an dóigh a mhaireann daoine roimh bhás srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**2 D a) Tabhair breac-chuntas ar cad a bhí i gceist le saincheist mhorálta a raibh daoine ag plé léi sa tsibhialtacht ársa Ghréagach nó sa tsibhialtacht ársa Eabhrach.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar mhoráltacht mar fheiniméan daonna a bhí faoi réir a lán smaoinimh agus machnaimh ón gcianaimsir trí eolas cruinn a leagan amach ar shaincheist mhorálta a raibh daoine ag plé léi sa tsibhialtacht ársa Ghréagach *nó* sa tsibhialtacht ársa Eabhrach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Na Gréagaigh m.sh. Ba shaincheisteanna móra morálta do na Gréagaigh ársa iad nádúir na maithe agus an olcais, chomh maith le cad is duine eiticiúil ann, mar atá le feiceáil i saothar Shócraitéas, Phlatón, srl.
- Na hEabhraigh m.sh. Ba shaincheisteanna móra morálta sa tsibhialtacht ársa Eabhrach iad saoirse, ceartas agus urraim do shaol, mar atá le feiceáil in eispéireas Eacsadas srl.

*Tabhair faoi deara:* Leagann iarrthóir eolas cruinn amach ar shaincheist mhorálta gan tagairt léir a dhéanamh don tsibhialtacht ársa Ghréagach *ná* don tsibhialtacht ársa Eabhrach – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D b)** ◆AN BÚDACHAS ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS **30** (15Mx2) *Grádaithe*

**Roghnaigh dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe thuas agus déan cur síos ar bhunphrionsabal sa teagasc morálta ag gach ceann den dá reiligiún.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith eolas ar chórais eiticiúla neamh-Chríostaí trí dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist a roghnú agus trí chuntas cruinn a thabhairt ar chaighdeán bunúsach eiticiúil nó ar bhreithiúnas ar iompar ceart ón dá cheann acu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* – An Chonair Ochtfhillte 'Ná gortaigh daoine eile i slí a ghortódh tú féin' (Udana – Varga 5,18). Luaitear sna Cúig Fhoraithne nár cheart go ndéanfadh daoine díobháil do chréatúir bheo; nár cheart go nglacfaí rud nach bhfuil tugtha srl.
- *An Hiondúchas* – 'Is é seo bun agus barr an dualgais: Ná caith le haon duine eile i slí a ghoillfeadh ortsa dá gcaithfí ar an gcuma sin leatsa' (Mahabharata 5, 1517). Tá bunphrionsabal ann de dhíobháil d'aon ghnó d'aon neach a sheachaint agus d'fhírinneacht. Tá sárú ceann amháin díobh siúd ina chúis le léan go dtí go n-ídeofaí éifeachtaí an ghnímh srl.
- *An tIoslamachas* – 'Ní duine le creideamh aon duine agaibh go dtí go santaíonn dá dheartháir nó dá dheirfiúr an rud a shantaíonn sé dó féin' – teagascann an Córán go bhfuil grá ag Allah dóibh siúd atá daingean agus bunseasmhach. (Córán 3:146). I gCúig Philéar an Ioslamachais tá dualgas i leith na halmsóireachta .i. tugtar cuid de shaibhreas duine dóibh siúd sa phobal atá i ngátar (Zakat) srl.
- *An Giúdachas* – Léirítear saol a mharaítear sa dílseacht do Chúnant Iáivé/YHWH trí ghéilleadh do na hAitheanta. Do Ghiúdaigh féachtar ar chomhlíonadh aithne mar ghníomh maith agus mar ghníomh naomhaithe ainm Iáivé/YHWH. Forordaíonn an Tórá dualgais shonracha ar leith freisin do na boicht (Lev 23:22) srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15Mx2 |

**2 D c) Déan scrúdú ar conas is féidir le teagasc morálta reiligiúin ról a imirt chun coinsias an duine a oiliúint.** **30** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar phróiseas na forbartha coinsiasa trí bhreathnú go géar ar an ról a imríonn teagasc morálta reiligiúin maidir le breithiúnas an duine ar cad is ceart agus ar cad is mícheart a oiliúint.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Féadann seanmóireacht ceannairí reiligiúnacha coinsias an duine a oiliúint mar go bhféadann siad comhairle a thabhairt ar a bhféadann duine machnamh a dhéanamh agus iad ag déanamh cinntí morálta srl.
- Féadann léamh téacs naofa coinsias an duine a oiliúint trí threoir a thabhairt dó/di maidir le cad is ceart agus le cad is mícheart srl.
- D'fhéadfadh sampla de dhaoine a bhfuil creideamh reiligiúnach acu duine a threorú chun cad is ceart agus cad is mícheart a mheas i staid srl.
- M.sh. D'fhéadfadh Búdaí a fheiceáil conas a bhaineann foraithne in aghaidh caint bhréagach a dhéanamh lena chaidreamh le comharsana. D'fhéadfadh Críostaí breithniú a dhéanamh ar Theoiric an Chogaidh Chóir sula ndéanfadh sé cinneadh ar cé acu a bhfuil ceart leis an gcogadh nó nach bhfuil srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DUIT CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**3 E a)** ***Is é an dearcadh atá ag reiligiúin dhomhanda ná gur comhionann iad fir agus mná.*** **40** *Grádaithe*

**Scrúdaigh an fhianaise atá leis an ráiteas seo i dtéacs naofa a bhfuil baint aige le ceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**

**◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS**
**◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar róil na mban agus na bhfear i dtraidisiún reiligiúnach trí bhreathnú go géar ar a mhéad atá ionramháil chothrom na bhfear agus na mban le feiceáil i dtéacs naofa a bhaineann le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* Tá meas ag Téacsanna Naofa ar chosc an ruda a chruthaíonn difríocht nó easaontas. D'éirigh roinnt ban ina mBúdaí (m.sh. Banríon Srimaladevi) agus ina Siadaí (m.sh. Yeshe Tsogyl) mar gur lean idir fhir agus mhná a gcuid scríbhinní srl.
- *Scrioptúir Chríostaí* Tá cuimsitheacht theagasc Íosa le feiceáil sna Soiscéil *m.sh.* B'ionann Máire Mhaigdiléana agus duine de dheisceabail Íosa agus b'ionann í agus duine de na chéad daoine a d'fhianaigh an t-aiséirí srl. Féachtar ar Mhuire, máthair Íosa, mar dheisceabal mar go raibh sí go hiomlán oscailte do Bhriathar Dé agus mar go raibh sí le hÍosa ag a chéasadh srl.
- *An Hiondúchas* – Sa Rig-Veda bítear ag súil go nglacfaidh idir fhir agus mhná páirt i ndeasghnátha chun na deasghnátha sin a dhéanamh éifeachtach. I nDlíthe Manu cuirtear béim ar umhlaíocht na mban d'fhir (Dlíthe Manu V, 147-148). Luaitear sa téacs naofa céanna go sásaíonn tabhairt ómóis do mhná na déithe (Dlíthe Manu III, 56-57) srl.
- *An tIoslamachas* – Cuireann an Córán na dualgais chéanna ar fhir agus ar mhná (Sura 33:35). Éilítear ar fhir agus ar mhná araon na Cúig Philéar a leanúint. I gcás ina roinntear obair de réir inscne, tá obair na mban ar comhluach le hobair na bhfear srl.
- *Scrioptúir Eabhraise* m.sh. Rút (1-4) a raibh cáil uirthi as a deabhóid shíochánta agus dhílis srl. Eistir (1-10) a raibh cáil uirthi as an mbealach a shábháil a misneach iontach a muintir ó dhíothú srl. Hanná (1 Samúéil 1:1-2, 10, 2:18-21) a raibh cáil uirthi as a creideamh mór in Iáivé/YHWH, ba í máthair Shamúéil, athair Rí Dáiví srl.
- Srl.

*Tabhair faoi deara:* Breathnaíonn iarrthóir go géar ar a mhéad atá ionramháil chothrom na bhfear agus na mban le feiceáil i reiligiún domhanda atá liostaithe sa cheist gan tagairt léir a dhéanamh do théacs naofa – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 E b) Rinne mná a gcion dá dtraidisiúin reiligiúnacha i slite difriúla — 40**

*Grádaithe*

- **BUNAITHEOIRÍ ORD RIALTA**
- **SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA**
- **LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA**
- **SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**

**Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi inar chuidigh bean amháin, i gceann ar bith de na catagóirí thuas, le forbairt a pobail chreidimh.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar an méid a chuir bean le forbairt an traidisiúin reiligiúnaigh trí eolas cruinn a leagan amach ar an dóigh ar chuidigh bean amháin i gceann ar bith de na catagóirí atá liostaithe sa cheist le pobal creidimh a fhorbairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Bunaitheoirí Ord Rialta –*

- Naomh Treasa d'Avila (1515-1582) m.sh. bhunaigh sí ord Cairmilíteach malartach; bhunaigh sí ceithre theach déag agus dhá theach Chairmilíteacha d'fhir. Bhí sí freagrach as trí bhailiúchán – Leabhar na Beatha, an Caisleán Inmheánach agus Bealach na Foirfeachta, rudaí a mheastar a bheith i measc na smaointe spioradálta is mó de chuid na hEaglaise. Canónaíodh í sa bhliain 1622 agus rinneadh dochtúir na hEaglaise di sa bhliain 1970; ba í an chéad bhean chun é seo a bhaint amach srl.
- Chuaigh an bhochtaineacht i bhfeidhm go mór ar Nango Nagle agus d'oscail sí a céad scoil i gCorcaigh san ochtú haois déag. Bhunaigh sí Ord Shiúracha na Toirbhearta a thiomnaigh iad féin go hiomlán d'oideachas na mbocht. Spreag saol agus obair Nano Nagle mórán ban agus fear chun cuidiú leis na boicht m.sh. Éamonn Rís, a bhunaigh na Bráithre Críostaí agus Bráithre na Toirbhearta srl.
- D'oscail Caitríona Nic Amhlaoibh a céad scoil i mBaile Átha Cliath sa naoú haois déag mar fhreagairt ar an mbochtaineacht ina cathair dhúchais. Chreid sí go gcuirfeadh oideachas ar chumas na mbocht ardú óna ndealús. Bhunaigh Caitríona Nic Amhlaoibh Pobal na Trócaire, a bhunaigh ospidéil agus scoileanna na Trócaire ar fud an domhain mar thoradh ar a fís srl.
- Srl.

*Scríbhneoirí Reiligiúnacha –*

- Is scríbhneoir iomráiteach í Joyce Rupp. Threoraigh sí cúrsaí spioradálta ar fud Mheiriceá Thuaidh, na hAstráile, na hEorpa agus na Nua-Shéalainne. Scríobh sí mórán leabhar ar a lán réimsí spioradáltachta m.sh. is cuireadh le haghaidh guí dhílis i rith na bliana é an leabhar *May I Have This Dance*. Cuidíonn scríbhinní Joyce Rupp le daoine ina dtóir ar spioradáltacht níos doimhne i saol gnóthach srl.
- Srl.

*Mná mar Leasaitheoirí Sóisialta –*

- Bhí Dorothy Day díograiseach faoin dóigh a raibh an tsochaí roinnte. Bhí baint aici le Gluaiseacht na nOibrithe Caitliceacha a bhunú. Agus í ag scríobh ar shaincheisteanna dífhostaíochta agus dúshaothraithe sa nuachtán *The Catholic Worker*, chuir sí gníomh radacach sóisialta chun cinn a bhí

bunaithe ar phrionsabail Chríostaí. Bhí baint aici le Tithe an Fháilteachais a oscailt, a chuir fáilte roimh aon duine a bhí i ngátar. Tugann a tuairimí dúshlán maidir le conas saol atá an-tiomanta do reiligiún a mhaireachtáil i measc chastachtaí an domhain sa lá atá inniu ann srl.
- Srl.

*Smaointeoirí Spioradálta –*
- Tá Hildegard ó Bingen ar dhuine de na pearsana reiligiúnacha is cáiliúla ó na meánaoiseanna. Toghadh í mar cheannasaí ar chlochar beag ag Disibodenberg. Agus í ag briseadh le gnás d'údarás fear ar mhainistir na mban, bhog Hildegard go Bingen ar bhruach na Réine, áit ar bhunaigh sí clochar neamhspleách. Nuair a d'éirigh sí ina ceannasaí ar an mainistir, thosaigh sé ag feiceáil sraith físeanna. Chuir an Pápa coimisiún chun fiosrúchán a dhéanamh ar a hobair, a fuair amach go raibh a teagasc ag teacht le teagasc na hEaglaise. Bhí sí ina comhairleoir spioradálta do chuid mhór ceannairí reiligiúnacha agus polaitiúla le linn a haimsire féin. Tháinig daoine ina sluaite chuici ó gach cearn den Ghearmáin chun a teagasc a chloisteáil agus chun cuidiú agus comhairle a fháil. Scríobh sí roinnt leabhar freisin, lena n-áirítear *The Book of Subtleties of the Diverse Nature of Things*, agus a saothar is cáiliúla, *The Book of Divine Works* srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

**3 H a) Tabhair míniú ar dhá chúis a gcuirtear síos ar an mBíobla mar théacs 'clasaiceach'.** 40 (20Mx2)

*Critéir Mharcála* *Grádaithe*

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint agus léirthuiscint go raibh an Bíobla, agus go leanann sé de bheith, ina théacs clasaiceach do shibhialtacht an Iarthair agus go gcoinníonn sé áit sa traidisiún Giúd-Chríostaí trí dhá chúis chruinne, a mhíníonn cad chuige go gcuirtear síos ar an mBíobla mar théacs clasaiceach, a thabhairt.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An tionchar a d'imir sé ar shochaí an Iarthair m.sh. léigh cuid mhór daoine é le haghaidh críonnachta agus inspioráide srl.
- Creideann an Eaglais Chaitliceach go bhfuil sé spreagtha ag Dia srl.
- Bhí tionchar ag an mBíobla ar an litríocht m.sh. úsáideadh cuid mhaith de na scéalta ón mBíobla i rúndrámaí meánaoiseacha. Tá tagairtí don Bhíobla déanta i gcuid mhór de dhrámaí Shakespeare srl.
- Bhí tionchar ag an mBíobla ar cheol m.sh. saothair Bach agus Handel. I measc samplaí comhaimseartha tá Let It Be le The Beatles srl.
- Bhí tionchar ag an mBíobla ar dhaoine agus ar shochaithe m.sh. bhí mórán tagairtí ón mBíobla in óráidí an Uachtaráin John F. Kennedy agus in óráidí Martin Luther King srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 H b) I gcur síos ar na Sailm tráth dúradh gur dánta urnaí iad.** **40** *Grádaithe*

**Scrúdaigh an fhianaise atá leis an ráiteas seo agus tagairt agat do Shalm amháin ón mBíobla a bhfuil staidéar déanta agat air.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar an éagsúlacht seánraí liteartha atá le fáil sa Bhíobla trí bhreathnú go géar ar an bhfianaise ar fhilíocht agus ar urnaí i salm bíobalta amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Déanann na sailm iarracht ar smaoineamh agus ar mhothúchán daonna a chur in iúl, rudaí nach éasca a chur in iúl i bprós m.sh. Salm 23.
- Is ionann parailéalachas agus gné filíochta amháin i Sailm. D'fhéadfadh sé a bheith fritéiseach nuair a chuirtear smaoineamh contrártha in iúl sa dara líne nó comhchiallach i gcás ina ndéantar athrá ar an smaoineamh céanna sa dara líne m.sh. Salm 2, 95, 83, 35 srl.
- Is ionann gné filíochta amháin i Sailm acrastacha agus cásanna ina dtosaíonn gach líne an tsailm leis an gcéad litir eile d'aibítir na hEabhraise. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca na sailm a fhoghlaim. Tugann sé mothú iomláine don salm freisin m.sh. Salm 25, 34, 37, 111, 112, 145 srl.
- Fágann úsáid an mheafair, na samhla agus an pharailéalachais sna Sailm (nuair a mheaitseáiltear líne amháin le líne eile agus ina bhfuil cothromaíocht san abairt) go bhféadann daoine iad a úsáid chun guí agus machnamh a dhéanamh. Mar theicníc, aibhsíonn sé téama m.sh. Tugann Salm 2 moladh do Dhia, ach cuireann sé ceisteanna tábhachtacha ar Dhia freisin srl.
- Múineann na Sailm cineálacha éagsúla urnaí do dhaoine i.e. tá sailm mholta, bhuíochais agus chaointe ann srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**3 I a) Tabhair breac-chuntas ar an tslí a raibh an creideamh agus an cleachtadh Críostaí spréite ar fud na hEorpa ag an am a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith eolas ar bhunús ársa an reiligiúin in Éirinn tríd an tslí a raibh an creideamh agus an cleachtadh Críostaí spréite ar fud na hEorpa ag an am a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Spréigh an Chríostaíocht ón bPalaistín mar gur thaisteal misinéirí Críostaí níos faide chun insint do dhaoine faoi Íosa. D'éascaigh bóithre agus bealaí trádála Impireacht na Róimhe é seo srl.
  - m.sh. tá fianaise ar chreideamh agus ar chleachtadh Críostaí sa Spáinn le feiceáil i dtaifid na mairtíreach – Dióicléitiánas sa bhliain 303 CR srl.
  - m.sh. tá fianaise archreideamh agus ar chleachtadh Críostaí sa Bhreatain faoin mbliain 400 CR agus d'fhriotháil easpaig, sagairt agus deagánaigh í srl.
  - m.sh. tá fianaise ar chreideamh agus ar chleachtas Críostaí sa Ghaill faoin mbliain 400 CR agus bhí cuid mhór easpag ag friotháil i mbailte, i bparóistí tuaithe agus i mainistreacha a bunaíodh m.sh. Martin ó Tours 360 CR srl.
  - Srl.
- Sa bhliain 313 ráthaíodh saoirse reiligiúnach i bhForógra Milano. Ag an am seo d'éirigh an Chríostaíocht níos eagraithe – tionóladh comhairlí éagsúla (m.sh. Arles, Turin, Nícé, srl.) chun ceisteanna diaga a réiteach srl.
- Mar a spréigh sí agus mar a d'éirigh sí níos bunaithe, tógadh na chéad eaglaisí. San Eoraip Rómhánach múnlaíodh na heaglaisí de réir ailtireacht na mbaisleac seachas de réir ailtireacht na dteampall. Taobhaíodh le mósáicí in ionad dealbh mar gur chruthaigh Críostaithe féiniúlacht reiligiúnach a bhí éagsúil ón reiligiún págánach Rómhánach srl.
- Srl.

*Tabhair faoi deara:* Rianaíonn iarrthóir go cruinn an tslí a raibh an creideamh agus an cleachtadh Críostaí spréite gan tagairt léir a dhéanamh ar an tslí a raibh sé spréite ar fud na hEorpa ag an am a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 1 b) Tabhair breac-chuntas ar dhá shampla de conas a chuidigh an t-ionchultúrú le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.** **40** (20Mx2)

*Critéir Mharcála* *Grádaithe*

Léireoidh freagra sármhaith léirthuiscint ar an oidhreacht reiligiúnach in Éirinn trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá shampla den tslí inar chuir ionchultúrú le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ghlac Pádraig le mórán cleachtaí reiligiúnacha a bhí ann cheana féin, ar cheann amháin acu siúd bhí dreapadh Chruach Phádraig. Rinne cleachtaí den sórt sin an t-aistriú ó chreidimh réamh-Chríostaí go creidimh Chríostaí níos éasca, mar gur chosúil nach raibh na creidimh agus cleachtaí nua an-éagsúil ó na seanchreidimh agus na seanchleachtaí srl.
- Mar gheall ar ionchultúrú, thosaigh daoine ag cur a loirg féin ar a gcreideamh nua, a rinne níos barántúla agus níos pearsanta é. Bhí sé seo ina chúis le cleachtaí reiligiúnacha a bhí Gaelach go háirithe – Stáisiúin, Toibreacha naofa, srl.
- Nascadh ceiliúradh Críostaí shaol Naomh Bríd de Chill Dara ar an 1 Feabhra le bandia réamh-Chríostaí na torthúlachta agus le féile Imbolc a cheiliúir an torthúlacht, cur barr agus breith uain srl.
- Rianaíodh ceiliúradh Críostaí Dhomhnach na Bláthfhleisce/Dhomhnach an Fhraocháin srl. siar go Féile réamh-Chríostaí Lughnasa a mhair tríocha lá i mí Iúil/Lúnasa chun na chéad torthaí nó chruinniú a cheiliúradh srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**3 J a)** ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS **40** *Grádaithe*

**Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a dtuigtear an cruthú i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith oscailteacht i leith léargais an reiligiúin i ndíospóireachtaí reatha trí eolas cruinn a leagan amach ar thuiscint an chruthaithe i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* – Creideann an Búdachas go dtarlaíonn cruthú arís agus arís eile i rith ama. Ní chreideann an Búdachas i gCruthaitheoir. Cuirtear iallach ar Bhúdaithe an méid a fhéadann siad a dhéanamh chun léan a mhaolú agus chun an comhshaol a chosaint. Aontaíonn gach Búdaí nach bhféadann ach athrú suntasach croí agus dearcaidh rudaí a fheabhsú srl.
- *An Chríostaíocht* – Tugann Geineasas le tuiscint gurb ionann daoine agus maoir bhronntanas cruthaithe Dé agus go gcuirtear cúram an chomhshaoil orthu. Spreagann an Diagacht eitic na maoirseachta. Feictear gurb ionann Dia agus bunús, bun agus sprioc na cruinne. Cuireann an tuiscint Chríostaí ar chruthú béim ar tharchéimnitheacht Dé srl.
- *An Hiondúchas* – Is é feidhm Bhráma cruthú. Caomhnaíonn Visniú an méid atá cruthaithe, ionchollaíodh é ar thalamh ag amanna éagsúla chun an t-olcas a mhilleadh agus chun an fhíréantacht a athshlánú. Creidtear go milleann Síve an domhan go tréimhsiúil nuair a fhaigheann an t-olcas an ceann is fearr. Ciallaíonn dlí Karma go bhfuil meas ag Hiondúigh ar an gcomhshaol. Féadtar an Moksha a bhaint amach trí ghníomhartha maithe a dhéanamh, féadann sé seo ordú morálta a thabhairt chun aire a thabhairt don chomhshaol srl.
- *An tIoslamachas* – Is ionann cruthú an domhain agus comhartha d'Allah. Is ionann bronntanais an dúlra agus comhartha de ghrá Allah. Ordaíonn téacsanna naofa do leantóirí an Ioslamachais acmhainní an dúlra a chosaint nuair a bhíonn siad faoi bhagairt. Féachtar gurb ionann daoine agus Cailifí Allah (leasionadaí nó maor) agus go bhfuil freagracht orthu aire a thabhairt don domhan srl.
- *An Giúdachas* – Creideann leantóirí an Ghiúdachais gur tháinig cruthú ó Iáivé/YHWH; gur cruthaíodh gach rud as an ngrá; gur rud maith é cruthú. Creideann leantóirí an Ghiúdachais gur chuir Iáivé/YHWH freagracht ar dhaoine as cruthú agus go bhfuil freagracht ar dhaoine as aire a thabhairt do chruthú ar an mbealach ar mhaith le hIáivé/YHWH é srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 J b) Déan scrúdú ar conas a d'fhéadfadh an tuiscint ar an gcruthú i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas tionchar a imirt ar dhearcadh a chuid ball ar shaincheist éiceolaíoch sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar na naisc idir na fiontair eolaíochta agus na fiontair dhiagachta trí bhreathnú go géar ar an mbealach a d'fhéadfadh an tuiscint ar chruthú i gceann de na mór-reiligiúin dhomhanda ról a imirt ar dhearcadh a bhall i leith saincheist reatha comhshaoil.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Creideann *Búdaithe* in idirnascacht gach ruda. Braitheann sláinte an iomláin ar shláinte gach coda. Dá bhrí sin creideann Búdaithe gurb ionann an dúlra agus múinteoir, fórsa spioradálta agus bealach na beatha. Mar sin de, tá nasc láidir idir an éiceolaíocht agus an Búdachas srl.
- *An Hiondúchas* – Tá creideamh ann go gcruthaítear gach rud i gcothromaíocht. Ba cheart go mairfeadh daoine ar bhealach ar leith ionas nach millfidís an chothromaíocht seo srl.
- *An tIoslamachas* – An smaoineamh, cé go ndearna Allah an domhan, go bhfuil freagracht ar dhaoine as aire a thabhairt dó. Bhí cuid mhór tionscnamh ag grúpaí laistigh den Ioslamachas chun aire a thabhairt don chomhshaol, go háirithe i gcásanna ina raibh an comhshaol faoi straidhn srl.
- An traidisiún *Giúd-Chríostaí* – Tugann cuntais chruthaithe Gheineasas le tuiscint gurb ionann daoine agus maoir chruthú Dé agus go gcuirtear cúram an chomhshaoil orthu. Spreagann an Chríostaíocht agus an Giúdachas araon eitic na maoirseachta. Féadann an eolaíocht bealaí ina bhféadann daoine comhoibriú agus gníomhú mar chomhchruthaitheoirí le Dia a chur ar fáil srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

## *Scéim Mharcála 2011*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2011*

## *Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach* – *Ardleibhéal & Gnáthleibhéal*

**OBAIR CHÚRSA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.

Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.

Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal ná a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2011*** – S 88/09

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn F agus i Roinn G faoi seach thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal **amháin** as Roinn F **nó** ar theideal **amháin** as Roinn G.

## *ROINN F: SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA*

**F.1 Déan próifíl den léargas reiligiúnach ar an bhforéigean atá soiléir sa teoiric 'An Cogadh Cóir'.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh obair chúrsa den scoth eolas ar réiteach coinbhleachta, peirspictíocht reiligiúnach ar fhoréigean agus ar theoiric 'an Chogaidh Chóir' trí fhorbairt na sainghnéithe a lorg a chuireann in iúl an pheirspictíocht reiligiúnach ar fhoréigean atá soiléir i dteoiric 'An Chogaidh Chóir'.

**F.2. ● Leithcheal in Éirinn ● Bochtanas in Éirinn ● Ocras Domhanda**
**Scrúdaigh an tionchar atá ag tosca eacnamaíocha *nó* sóisialta ar cheann amháin de na ceisteanna thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar bhunphrionsabail na hanailíse sóisialta agus eolas ar fhadhb an idirdhealaithe in Éirinn/fadhb na bochtaineachta in Éirinn/fadhb an ocrais sa domhan trí bhreathnú go géar agus trí theacht ar chonclúidí faoi thionchar dhá cheann *nó* níos mó d'fhachtóirí comhaimseartha geilleagracha nó sóisialta ar cheann de na ceisteanna atá liostaithe sa teideal .i. Idirdhealú in Éirinn nó Bochtaineacht in Éirinn nó Ocras sa Domhan.

## *ROINN G: ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH*

**G.1. Staidéar ar an ngaol idir sacraimint agus deasghnáth in dhá shainchreideamh Chríostaí sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar thábhacht agus ar chiall na sacraiminte i dtraidisiún na Críostaíochta trí bhreathnú go géar ar an gcaidreamh idir shacraimint agus focail shiombalacha, na gníomhaíochtaí agus na comharthaí a bhaineann le dhá shainchreideamh Críostaíochta sa lá atá inniu ann.

**G.2. Fiosrú ar an tábhacht a bhaineann le paidreoireacht fhoirmiúil do na baill i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint agus meas ar thábhacht thraidisiún an urnaithe i mór-reiligiún domhanda trí scrúdú a dhéanamh ar thábhacht stíl bhunaithe nó foirm bhunaithe urnaithe le haghaidh baill de cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, an tIoslamachas nó an Giúdachas agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar le haghaidh a gconclúidí.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| Marcanna | ***Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*** |
|---|---|
| 0 - 16 | Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise nó fíorbheagán fianaise ann ag tacú leis na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le teideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Ní léiríonn sé ach fianaise lag ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2011.<br>• Ní thugtar ach beagán eolais, má thugtar aon eolas, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh, agus léiríonn sé úsáid lag na scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Is beag fianaise a léiríonn sé, má léiríonn sé aon fhianaise, gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích. |
| 17 - 24 | Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar na torthaí ar iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2011, agus tá roinnt fianaise ann ag tacú leis na conclúidí a bhaintear.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta áirithe le teideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh, agus léiríonn sé fianaise éigin ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích. |
| 25 - 32 | Má tá an freagra maith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar fiúntach é.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta shoiléir le teideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh.<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar na torthaí ar iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2011, agus fianaise mhaith ag tacú leis na conclúidí a bhaintear. |
| 33 - 40 | Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar fíorfhiúntach é.<br>• Léiríonn sé gleic phearsanta shubstaintiúil le teideal dualgais roghnaithe 2011. |

- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2011.
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh. Léiríonn sé gleic shubstaintiúil le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích.
- Tugann sé achoimre iomlán ábhartha ar na torthaí an iniúchadh theideal dualgais roghnaithe 2011, agus fianaise shubstaintiúil ag tacú leis na conclúidí a bhaintear.

**Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh**

*Marcanna* — ***Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B***

0 - 16 Má tá an freagra lag/réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar beagbhríoch é a thugann cúis/míniú ar an bhfáth ar roghnaíodh an teideal obair chúrsa nach mbaineann le hábhar nó nach bhfuil ach beagán bainte aige le teideal dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le teideal dualgais roghnaithe 2011. Ní thugann sé ach beagán cur síos, má tá aon chur síos ann, ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise lag ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2011.
- Léiríonn sé gleic phearsanta neamhleor le taighde forleathan agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Gan mórán fianaise, má tá aon fhianaise ann, gur aithníodh na peirspictíochtaí éagsúla ná na ceisteanna a d'eascair agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á déanamh.
- Gan aon fhianaise nó gan ach beagán fianaise orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

17 - 24 Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe i.e.

- Is saothar breá é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta imleor le teideal dualgais roghnaithe 2011 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ann ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2011. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais 2011.
- Léiríonn sé gleic imleor le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse,

measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise éigin gur aithníodh na peirspictíochtaí éagsúla agus na ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Léiríonn sé fianaise áirithe orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

25 - 32 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.

- Is saothar fiúntach é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta shoiléir le teideal dualgais roghnaithe 2011. Tugtar míniú ginearálta agus fianaise éigin ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2011. Tugann sé cur síos ginearálta ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghleic le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé gur aithníodh go soiléir peirspictíochtaí éagsúla agus ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

33 - 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> i.e.

- Is saothar fíorfhiúntach é.
- Léiríonn sé gleic phearsanta shubstaintiúil le teideal dualgais roghnaithe 2011. Tugtar míniú mionsonraithe agus fianaise shoiléir ar shuim / ar dhíograis / ar chásmhaireacht phearsanta faoi theideal dualgais roghnaithe 2011. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise chruinn shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gleic shubstaintiúil le taighde forleathan, agus leis na scileanna anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé gur aithníodh go soiléir peirspictíochtaí difriúla agus ceisteanna a d'eascair agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - Measúnú ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.